

Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

Fón: 091-593119
ccc@gretb.ie
www.colaistecholmcille.ie



Polasaí Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta 10/12/2019

Ráiteas Misin na Scoile

Is í aidhm na scoile ná:

- Freastal ar riachtanais oideachasúla na scoláirí ionas go mbainfidh siad na torthaí is fearr ar a gcumas amach.
- Freastal ar riachtanais phearsanta na scoláirí chun féinmhuinín, féinmheas agus forbairt mhórála a chothú.
- Meas a chothú ar ár n-oidhreacht Ghaelach, an teanga Ghaelach agus ár gcultúr Gaelach.
- Atmaisféar cairdiúil, spreagúil a chur ar fáil sa scoil.

Réasúnaíocht:

Tá sé sonraithe i Ráiteas Misin na scoile gurb í ceann d'aidhmeanna na scoile ná: *'Freastal ar riachtanais phearsanta na scoláirí chun féinmhuinín, féinmheas agus forbairt mhórála a chothú'*.

De réir imlitir M4/95 and M20/96 cuimsítear Oideachas Caidrimh & Gnéasachta faoin gclár OSPS ag leibhéal na ranganna sinsearach. Aithneofar 6 thréimhse ranga le linn na scoilbhliana don OCG maraon le soláthar ó eagraíocht(aí) sheachtracha de réir mar a oireann.

De réir roinn 8.4.1 de Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna "Tá sé mar fhreagracht ar gach aon scoil a cion a dhéanamh chun drochúsáid leanaí agus faillí ar leanaí a chosc tríd an soláthar curaclaim. Sa chomhthéacs sin tá an clár Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) ina chuid shainordaithe den churaclam do na mic léinn ar fad insna bunscoileanna agus sa tsraith shóisearach d'iar-bhunscoileanna agus ní mór é a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá ceanglas chomh maith ar gach iarbhunscoil clár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a bheith aici sa tsraith shinsearach."

Déanfar amchlárú don OSPS a nascadh le rang sa tseachtain faoi stiúir an mhúinteoir ranga.

Baineann an polasaí le:

Scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, Bord Bainistíochta, Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Is ar thuismitheoir/caomhnóir an pháiste atá an príomhdhualgas i leith Oideachas an pháiste, Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta san áireamh.

Cúis:

Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta curtha san áireamh mar chuid de pholasaí ginearálta den Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte(O.S.P.S.) chun caidrimh a chur chun cinn ina bhfuil dínit an duine lárnach.

Aidhmeanna:

- Cabhrú le thuismitheoirí oideachas a chur ar a bpáistí san ábhar seo.
- Forbairt scoláirí a spreagadh i dtreo caidrimh atá measúil.
- Cabhrú le scoláirí tuiscint agus scileanna a shealbhú atá riachtanach le cairdis freagracha a dhéanamh.
- Scoláirí a spreagadh chun staonadh agus féinsmacht a chleachtadh maidir le gnéas de, mar réamhriachtanas d'fhorbairt iomlán an duine.
- Ábaltacht a thabhairt do scoláire dearcadh agus luacha a fhorbairt i leith a gcuid gnéasachta, i gcomhthéacs mórálta, spioradálta, agus sóisialta a thagann le meon an choláiste.
- Spreagadh do scoláirí luach agus fiúntas shaol na clainne a thuiscint, agus freagrachtaí thuismitheora a thuiscint.
- Cabhrú le scoláirí scileanna a fhorbairt chun glacadh le brú, coimhlint agus bagairtí ar shábháilteacht phearsanta.
- Tuiscint a thabhairt ar fhorbairt dhearcadh dearfach phearsanta, agus scileanna chun féin luach a thógáil.
- Dearcadh iomlán a shaothrú de fhorbairt scoláire, agus baill fhreagracha den sochaí le prionsabail a tháirgeadh.

Cuspóirí:

Éascóidh OCG na scoláirí chun:

- Eolas a chur ar smaointe, luachanna, meoin agus mothúcháin maidir le réimse caidrimh.
- Tuiscint a fhorbairt ar chineálacha caidrimh, gnéithe tábhachtacha sna caidrimh agus scileanna chun caidrimh a fhorbairt.
- Tuiscint a fhorbairt ar chineálacha éagsúla caidrimh, luachanna cultúrtha, meoin agus creidimh ó thaobh na clainne de, caidrimh de, gnéas agus gnéasachta de.
- Eolas a fhorbairt maidir lena dtuiscint agus scileanna i dtacaíocht sláinte atáirgthe gnéasachta de.
- Eolas a fhorbairt ar thuiscint an scoláire ar chlaonadh gnéis agus an tábhacht a bhaineann le timpeallacht ionchuimsitheach.
- Scileanna idirphearsanta a fhorbairt i dtaobh tús, coinneáil agus deireadh a chur le caidreamh.
- Scileanna a fhorbairt chun dul i mgleic le piar-bhrú, aighneas agus sábháilteacht phearsanta.

Tá dlúth-cheangail idir OCG agus OSPS agus tugann sé seo deis ar leith do na scolairí;

- Scileanna agus eolas a fhorbairt maidir le haire, sláinteachas agus forbairt phearsanta.

- Scileanna agus tuiscint a fhorbairt maidir le caidrimh agus cairdeas a fhorbhairt agus a chothabháil.
- Tuiscint agus scileanna a fhoghlaim maidir le féinmhuinín a fhorbairt agus a chothabháil.
- Eolas a chur agus meas a léirigh ar na bealaí éagsúla a fhásann agus a athraíonn an duine le linn ógantacht.
- Eolas a chur ar fhiseolaíocht an duine ó thaobh atáirgeadh, torthúlacht agus ionfhabhtú gnéas-tarchurtha de.
- Tuiscint a fhorbairt ar fhorbairt ghnéasachta agus féiniúlachta an duine, ar steiréitíopáil, ceisteanna inscne agus tionchair chultúrtha ar thuiscint ghnéasachta an duine.
- Meas a bheith ar shaol na clainne agus luach a bheith ar thuismitheoireacht.

Eagrú Ranganna & Amchlár:

De réir ciorcalán M11/03 tá sé de dhualgas ar gach iar-bhunscoil O.S.P.S. a bheith ar an amchlár. Moltar rang amháin in aghaidh na seachtaine, rud atá ar fáil do gach scoláire sa chéad, dara agus tríú bliain i gColáiste Cholmcille.

De réir ciorcalán 0037/2010 caithfidh gach scoil clár O.C.G. a chuir ar fáil sa sraith sinsireach, fiú mura bhfuil fáil ar rang O.C.G. ar an amchlár. Dá bhrí sin aithneofar 6 thréimhse ranga le linn na scoilbhliana don OCG maraon le soláthar ó eagraíocht(aí) sheachtracha, de réir mar a oireann.

Clár O.C.G.

1. Téamaí - Aithnítear na téarmaí seo a leanaí mar ábhar an chláir
 - Caidrimh Daonna
 - Fás agus Forbairt Daonna
 - Gnéasacht Daonna
2. Eagraíochtaí Sheachtracha – Aithneofar eagraíochtaí sheachtracha chun teacht chun cainte agus ceardlann a déanamh leis na scoláirí mar thacaíocht ar an ábhar ranga bunaithe ar na téamaí thuasluaite
3. Nasc Traschuraclaim – Aithnítear go bhfuil nasc idir an clár O.C.G. agus go leor ábhair agus cláir eile sa scoil
 - OSPS
 - Gairmtheoir
 - Cluichí
 - Eolaíocht / Bitheolaíocht
 - Tíos
 - Cúram leanaí
 - OSSP
 - Gaeilge
 - Folláine

Forbairt Foirne & Forbairt Ábhar

Oibreoidh bainistíocht ar mhaithe le cur le croí fhoireann O.C.G. ar a bhfuil na múinteoirí O.S.S.P., O.S.P.S., an múinteoir Treoirghairme agus an Oifgigeach Teagmhála Baile Scoile Pobal mar bhall cheana féin. Déanfar cinnte go mbeidh cothromaíocht mhaith idir fhir agus mhná ar an bhfoireann seo.

Cuirfear traenáil chuí ar fáil don fhoireann ina iomláine agus do mhúinteoirí aonaracha nuair is féidir agus nuair atá fáil air.

Rannpháirtíocht:

Fáilteofar roimh gach scoláire páirt a ghlacadh i gclár OCG na scoile ach déanfar teagasc in Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i gColáiste Cholmcille le comhoibriú agus i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí. Coinneofar tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas maidir le na hacmhainní atá in úsáid sa rang agus maidir le haon ceardlainn ó heagraíocht seachtracha atá socruithe.

Níl aon riachtanas ar aon tuismitheoir go mbeadh a mhac/iníon rannpháirteach san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Ábhar:

- Déanfar teagasc in Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i gColáiste Cholmcille le comhoibriú tuismitheoirí/caomhnóirí agus le tacaíocht na scoile.
- Níl aon riachtanas ar aon tuismitheoir go mbeadh a mhac/iníon rannpháirteach san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta.
- Múinfeadh an clár O.C.G. i gColáiste Cholmcille i gcomhthéacs a léiríonn dínit an duine, le meas ar an gcorp daonna a bheith luachmhar.
- Ba cheart fealsúnacht an pholasaí seo a bheith i bhfeidhm le haon mhúinteoireacht traschuraclaim den Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta.
- Cuirfear na hacmhainní teagaisc Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta ar fáil do tuismitheoirí/caomhnóirí, le scrúdú sa choláiste.

Cur i bhfeidhm:

Beidh an polasaí seo curtha i bhfeidhm ag an bPríomhoide, múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta monatóireacht ar chur i bhfeidhm an chláir, agus déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ó am go chéile.

Tá fáilte roimh Choiste na dTuismitheoirí chun oícheanta eolais a eagrú ó am go chéile le tacaíocht a thabhairt do tuismitheoirí san oideachas seo.